



An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2022
(OR. en)

10878/22

GAF 12
FIN 738

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Meitheamh 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 318 final
Ábhar:	Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an mBanc Ceannais Eorpach maidir le cur chun feidhme agus torthaí chlár Pericles IV chun an euro a chosaint ar ghéochumadh in 2021

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 318 final.

Faoi iamh: COM(2022) 318 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2022
COM(2022) 318 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN
mBANC CEANNAIS EORPACH**

**maidir le cur chun feidhme agus torthaí chlár Pericles IV chun an euro a chosaint ar
ghóchumadh in 2021**

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH

maidir le cur chun feidhme agus torthaí chlár Pericles IV chun an euro a chosaint ar ghóchumadh in 2021

1. Nóta ginearálta

Is clár malartaithe, cúnamh agus oiliúna é an clár “Pericles IV” (“an Clár” as seo feasta) chun an euro a chosaint ar ghóchumadh. Tagann sé in ionad an chlár Pericles 2020 a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse 2013-2020, agus an chlár Pericles a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse 2002-2013. Bunaíodh an Clár le **Rialachán (AE) 2021/840 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021**¹. Leathnaíodh a fheidhm go dtí na **Ballstáit neamhpháirteacha le Rialachán (AE) 2021/1696 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2021**². Le Rialachán (AE) Uimh. 2021/840 socaítear tréimhse an Chláir go dtí an 31 Nollaig 2027. Le hAirteagal **12(3) den Rialachán**, ceanglaítear ar an gCoimisiún faisnéis bhliantúil faoi thorthaí an Chláir a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Freagraíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo don cheanglas sin maidir leis an mbliain 2021. Cuirtear faisnéis ar fáil sa tuarascáil maidir le gealltanais agus cur chun feidhme an chlár “Pericles IV” in 2021, chomh maith le cur chun feidhme in 2021 maidir le gníomhaíochtaí a gealladh faoin nglúin a tháinig roimhe den chlár.

2. Gealltanais faoin gClár Oibre Bliantúil 2021

Socraíodh gurbh é EUR 834 082 an buiséad bliantúil do chur chun feidhme an Chláir don bhliain 2021 agus maoiníodh é ó líne bhuiséid 06.030100 de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do 2021. Gealladh EUR 834 082 san iomlán in 2021, is é sin 100 % den bhuiséad iomlán. Cuirtear an Clár chun feidhme trí ghníomhaíochtaí cómhaoinithe (deontais) a thagann ó údarais inniúla na mBallstát agus trí “ghníomhaíochtaí an Choimisiúin”, a eagraíonn an Coimisiún go díreach. Rinneadh EUR 140 106.70 a aistriú ó bhuiséad ghníomhaíochtaí an Choimisiúin chuig buiséad na ndeontas in 2021 chun tacú tuilleadh le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí na mBallstát.

Léiríonn cur chun feidhme an Chláir tiomantas na mBallstát agus an Choimisiúin don euro a chosaint ar ghóchumadh. Mar thoradh ar phlé ar an straitéis ilbhliantúil ag cruinnithe Ghrúpa Saineolaithe um Ghóchumadh an Euro (ECEG), bhíothas in ann 100 % den bhuiséad iomlán a gealladh in 2021. Gheall an Clár go maoiníofaí 9 dtionscadal san iomlán³. Ar an iomlán,

¹ Rialachán (AE) 2021/840 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 (an clár ‘Pericles IV’), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 331/2014


² Rialachán (AE) 2021/1696 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2021 lena sinter chuig na Ballstáit neamh-rannpháirteacha cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/840 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár um malartú, cúnamh agus oiliúint chun an euro a chosaint ar ghóchumadh don tréimhse 2021-2027 (an clár ‘Pericles IV’)

³ Tá forléargas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Pericles a gealladh in 2021 le fáil in Iarscríbhinn I.

dámhadh 5 dheontas go rathúil ar iarratais a tháinig ó údaráis inniúla na mBallstát. Ina theannta sin, maoiníodh 4 ghníomhaíocht de chuid an Choimisiúin, a raibh dhá cheann acu de chineál riaracháin, eadhon an staidéar chun meastóireacht deiridh a dhéanamh ar an gclár “Pericles 2020” agus gealltanais chun na costais bhliantúla a bhaineann le húsáid na huirlise r-dheontais, córas bainistíochta leictreonach iomlán (gan pháipéar) le haghaidh deontas, a chumhdach.

Cuireadh gníomhaíochtaí an Choimisiúin i bhfeidhm in 2021, agus cuirfeadh gach deontas i bhfeidhm go fisiciúil in 2022 agus níos déanaí, nó spreagfar iad a aistriú go gníomhaíochtaí fíorúla nuair is féidir, faoi réir forbairtí eipidéimeolaíochta maidir le paindéim COVID -19.

Cairt I agus Cairt II: An cineál gníomhaíochta a maoiníodh agus Líon na ngníomhaíochtaí in aghaidh an Bhallstáit (gníomhaíochtaí a gealladh in 2021, féach iarscríbhinn I)



Is fiú a lua go bhfuair an Iodáil, an Ghearmáin agus an Spáinn, na Ballstáit is mó a raibh tionchar ag góchumadh an euro orthu, deontais Pericles arís i mbliana. Ina theannta sin, tá deontais faighte ag an bPortaingéil mar chuid den chlár in 2021. Cuireann a gcuid iarrachtaí go léir le cosaint an euro, rud a théann chun tairbhe na mBallstát eile go léir.

Is éard atá sna gníomhaíochtaí ar tugadh gealltanais ina leith in 2021 ná 4 oiliúint theicniúla, 2 chomhdháil, 1 mhalartú foirne, 1 staidéar⁴ agus an táille bhliantúil R-Dheontas. Tá na gníomhaíochtaí le déanamh laistigh agus lasmuigh den Aontas Eorpach, ag brath ar na riachtanais shonracha atá ann maidir leis an euro a chosaint ar ghóchumadh. Ó bunaíodh an Clár, tá a chur chuige réigiúnach comhdhlúite aige trí ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme a bhaineann le réigiúin an domhain a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo sa chomhrac i gcoinne an ghóchumtha.

⁴Is conraitheoir a rinne an staidéar in 2021 agus is é is bunús don mheastóireacht deiridh ar an gclár “Pericles 2020”.

3. Cur chun feidhme gníomhaíochtaí in 2021⁵

Forbhreathnú

Déantar anailís sa chuid seo ar chur chun feidhme gach gníomh a maoiníodh faoi Pericles sa bhliain féilire 2021. Dá bhrí sin, áirítear leis sin an dá gníomhaíocht a gealladh a chur chun feidhme faoi bhuiséad “Pericles IV” 2021 (ceithre gníomhaíocht ón gCoimisiún), chomh maith le gníomhaíochtaí a gealladh faoi bhuiséid “Pericles 2020” roimhe sin (6 dheontas). Leagann sé sin béim ar leanúnachas an chláir i dtéarmaí a bunsmoimh agus léiríonn sé éifeachtúlacht an chláir Pericles chun an euro a chosaint ar ghóchumadh trí gníomhaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn bliantúil.

Lean paindéim dhomhanda COVID-19 agus srianta gaolmhara maidir le scaradh sóisialta agus taisteal ag dul i bhfeidhm ar chur i bhfeidhm an Chláir Pericles in 2021. Mar thoradh air sin, rinneadh gníomhaíochtaí éagsúla a bhí le déanamh bhfoirm fhisiciúil a aistriú go gníomhaíochtaí digiteacha nó hibrideacha, agus ar an gcaoi sin, coinníodh cur chun feidhme éifeachtach an chláir.


In 2021 cuireadh 10 gníomhaíocht a fuair maoiniú ó Pericles chun feidhme, lena n-áirítear:

- cur chun feidhme iomlán 4 gníomhaíocht deontais ag na Ballstáit: chuir an Chróit, an Spáinn, an Bhulgáir agus an Iodáil na gníomhaíochtaí sin chun feidhme i bhformáid fhisiciúil, dhigiteach nó hibrideach faoi seach;
- cur chun feidhme i bpáirt dhá gníomhaíocht deontais ag na Ballstáit: cuireadh na gníomhaíochtaí sin chun feidhme go páirteach i bhformáid hibrideach (reáchtáladh seisiún digiteach, agus tá comhdháil fhisiciúil le bheith ar siúl fós) ag an bPortaingéil agus ag an Ísiltír faoi seach;
- cur chun feidhme iomlán na 4 gníomhaíocht arna soláthar ag an gCoimisiún.

Cuimsítear sna gníomhaíochtaí thuas 5 chomhdháil, 2 oiliúint theicniúla, 1 mhalartú foirne, an staidéar ar an meastóireacht deiridh ar an gclár “Pericles 2020” agus táille chothabhála uirlis na ríomh-Dheontas (féach cuid 2 thuas freisin). Bhí líon measta 482 saineolaí rannpháirteach sna gníomhaíochtaí thuasluaite.

⁵ Tá forléargas cuimsitheach ar gníomhaíochtaí Pericles a cuireadh chun feidhme in 2021 le fáil in Iarscribhinn II.

Cairt III agus Cairt IV: Tionscnamh rannpháirtithe agus cúlra gairmiúil rannpháirtithe. (gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme in 2021, féach Iarscríbhinn II)⁶



Ó thaobh tionscnaimh de, tagann rannpháirtithe ó 54 tír. Is rannpháirtithe Eorpacha iad formhór na n-oiliúnaithe (75 %): Tagann 40 % ó Bhallstáit an limistéir euro, tá líon na n-oiliúnaithe a thagann ó Bhallstáit nach bhfuil sa limistéar euro méadaithe go 19 % agus tagann 16 % ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad; Is as Meiriceá Laidineach 14 % de na hoiliúnaithe. Ar deireadh, déanann 7 % de rannpháirtithe ionadaíocht d'Institiúidí Eorpacha, tagann 2 % ón Afraic agus ón Meánoirthear agus 2 % ó réigiúin eile.

Maidir le cúlra gairmiúil na rannpháirtithe, is ionann comhaltaí ó fhórsaí póilíneachta agus 32 % den iomlán. Tá an láithreach shuntasach sin ann toisc go ndéanann údarais phóilíneachta ionadaíocht thar ceann na líne tosaigh sa chomhrac i gcoinne ghóchumadh an euro, agus áirítear ar fhoireann na bpóilíní imscrúdaitheoirí agus teicneoirí araon. Den chéad uair i gcur chun feidhme an chlár Pericles, áfach, ní hionann na húdarais phóilíneachta i agus an grúpa rannpháirtithe is mó. Ina ionad sin, is ionann catagóirí eile rannpháirtithe agus 68 % den iomlán, agus is ionann saineolaithe ó na bainc cheannais náisiúnta agus 36 %, agus mar sin ag cruthú an grúpa is mó rannpháirtithe. Is é is cúis leis seo gur dhírigh roinnt gníomhaíochtaí móra a cuireadh chun feidhme in 2021 ar rannpháirtíocht na mbanc ceannais. Tá rannpháirtíocht shuntasach ann freisin ó bhail na mbreithiúna (11 %), mar aon le rannpháirtíocht na hearnála airgeadais (4 %), aireachtaí airgeadais/gnóthaí baile (3 %), custaim (2 %), bainc thráchtála (3 %) agus miontaí (2 %), rud a léiríonn raon iomlán cúlraí gairmiúla na rannpháirtithe. Ar deireadh, is é an toradh atá ar chur chun feidhme ghníomhaíocht an Choimisiúin dar teideal “Cruinniú 3ú Ardán 1210’ ard-rannpháirtíocht na

⁶ Baineann na sonraí go léir leis an dá ghníomhaíocht a mhaoinear faoin gclár “Pericles IV” chomh maith le gníomhaíochtaí a mhaoinear faoin gclár Pericles 2020.

n-ionadaithe ar thionscal na meaisíní próiseála monaí (CPM) (4 %) don chúigiú bliain, rud a leanann den earnáil phríobháideach a dhearbhu mar gheallsealbhóir suntasach sa chomhrac i gcoinne an ghóchumtha.

Mar thoradh air sin, comhlíonann cur chun feidhme an Chláir gnéithe trasnáisiúnta agus ildisciplíneacha an Chláir a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 331/2014 agus tá an-éagsúlacht ag baint leis.

Buaicphointí an chur chun feidhme in 2021

D'éirigh leis an gClár comhoibriú láidir réigiúnach idirnáisiúnta a choinneáil agus a neartú tuilleadh in Oirdheisceart na hEorpa agus i Meiriceá Laidineach in 2021:

- In 2021 cuireadh roinnt gníomhaíochtaí Pericles chun feidhme agus díriodh ar chomhar láidir a spreagadh agus a choinneáil i measc na n-údarás inniúil náisiúnta in Oirdheisceart na hEorpa. Áiríodh leis sin malartú foirne a d'eagraigh Comando Carabinieri Antifalsificazione Monetaria (CCAFM) na hIodáile agus comhdháil a d'eagraigh oifig Ionchúisitheoir Poiblí na Bulgáire, lena bunaíodh agus lena gcothaítear comhar breithiúnach le tíortha i réigiún na mBalcán Thoir agus sa Mhuir Dhubh, lena n-áirítear an Tuirc, an Mholdóiv agus an Úcráin. Ina theannta sin, tugadh le chéile i '4ú Comhdháil de Líonra na mBalcán' a d'eagraigh Banc Náisiúnta na Cróite rannpháirtithe ó bhainc náisiúnta agus tráchtála sa réigiún, agus thacaigh siad le feidhmiú agus malartú faisnéise i measc na dtíortha lena mbaineann. Ar deireadh, chuir an Coimisiún oiliúint theicniúil dhigiteach "Pristina-Tirana" i bhfeidhm maidir le hanailís agus aicmiú bonn.
- D'eagraigh Brigada na Spáinne de investigación del Banco de España (BIBE) an 'Cúrsa oiliúna ar ghóchumadh airgid do shaineolaithe ó thíortha Mheiriceá Laidinigh', ina tugadh le chéile údarais 13 thír Mheiriceá Laidinigh in Montevideo, Uragua in 2021, ag cur bearta chun cinn chun an euro a chosaint ar ghóchumadh i dtíortha Mheiriceá Laidinigh a d'fhéadfadh a bheith soghabhálach i leith. Thacaigh an ghníomhaíocht sin le bunú agus feidhmiú na bPríomhoifigí Náisiúnta (NCO) um ghóchumadh airgeadra sna tíortha rannpháirteacha. Bunaithe ar oiliúint roimhe seo ar an bhformáid chéanna, bhunaigh an Airgintín NCO den sórt sin.

4. Faireachán ar na táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla

Sonraítear in Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2021/840 gur cheart a chur san áireamh sa tuarascáil seo táscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla an chláir "Pericles IV". Is iad seo a leanas na sonraí bliantúla ar na táscairí sin:

1. **Líon na n-euro góchumtha a braitheadh (nótaí bainc: 347 000 in 2021 / boinn: 195 082 in 2021):** Is é an sprioc don táscaire seo an líon de bhoinn euro góchumtha a braitheadh (nótaí bainc agus boinn) a choinneáil faoi smacht laistigh den raon +/- 5 % i gcomparáid leis an meán 2014-2020 (671 000/174 112). Cé go bhfuil líon na mbonn gar don teorainn tagartha (+/- 5 % a léiríonn an sprioc), tá líon na nótaí bainc góchumtha níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis. D'fhéadfaí an dara ceann a mhíniú le tosca seachtracha amhail an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar scaipeadh srianta ar nótaí góchumtha mar gheall ar an bpaindéim.

2. **Líon na gceardlann neamhdhleathach ar cuireadh deireadh leo (11 in 2021):** Is é an sprioc maidir le líon na gceardlann mídhleathach a cuireadh deireadh leo an líon a choinneáil faoi smacht in +/- 10 % ar an meán i gcomparáid le 2019 (22). Tá líon na gceardlann neamhdhleathach a cuireadh deireadh leo in 2021 níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis. D'fhéadfaí é sin a mhíniú mar thosca seachtracha mar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar oibríochtaí srianta mar gheall ar an bpaindéim.
3. **Líon na n-údarás inniúil uathúil a bhfuil feidhm acu maidir leis an gClár (5 in 2021):** Tá sé mar aidhm leis an táscaire seo suim na n-údarás inniúil náisiúnta sa chlár a thomhas. Is é 12 an gharsprioc do 2024 agus is é 24 an sprioc do 2027. Tá líon na n-iarratasóirí uathúla a bhain beagnach 50 % amach sa chéad bhliain den gharsprioc do 2024 ag teacht leis na hionchais agus léiríonn sé gurb í seo an chéad bhliain de chlár nua.
4. **Ráta sástachta na rannpháirtithe sna gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an gclár (98.4 % in 2021):** Tomhaiseann an táscaire seo cáilíocht na hoiliúna de réir mar a mheasann a rannpháirtithe. Is é 75 % an sprioc. Tá céatadán an aiseolais dhearfaiigh níos airde ná an sprioc.
5. **Aiseolas ó rannpháirtithe a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí Pericles roimhe seo ar thionchar an Chláir ar a gcuid gníomhaíochtaí chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (95.83 % in 2021):** Tomhaiseann an táscaire seo inbhuanaitheacht ghníomhaíochtaí an chláir. Is é 75 % an sprioc. Tá céatadán an aiseolais dhearfaiigh níos airde ná an sprioc.

5. Conclúidí agus an bealach chun cinn

Leanann an clár “Pericles IV”, cosúil lena réamhtheachtaí, de bheith ina uirlis thábhachtach agus éifeachtúil sa chomhrac i gcoinne an ghóchumtha. Tá an Clár mar bhonn chun tacú le staidéir, chun comhar a choineáil agus a fhorbairt, agus chun dea-chleachtais a mhalartú i measc na ngníomhaithe go léir atá páirteach sa chomhrac i gcoinne ghóchumadh an euro. Tacaítear leis sin freisin toisc gur gealladh 100 % den bhuiséad iomlán in 2021, rud a léiríonn spéis na mBallstát sa chlár.

Déanann an Coimisiún torthaí na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoin gClár a scaipeadh i gcónaí ar shaineolaithe Ghrúpa Saineolaithe um Ghóchumadh an Euro (ECEG). In 2021, tionóladh 3 chruinniú de chuid ECEG. Taispeántar leis an gClár ardleibhéal comhsheasmhachta agus comhlántachta le cláir agus gníomhaíochtaí ábhartha eile ar leibhéal an Aontais toisc go bhfuil sé tiomanta go heisiach do chineál sonrath coireachta eagraithe a chosc agus a chomhrac, eadhon góchumadh an euro, agus go ndíríonn sé go heisiach ar an méid sin. Is cosúil go bhfuil an comhlántacht sin soiléir maidir le hionstraim um *Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise (TAIEX)* de chuid Ard-Stiúrtóireacht NEAR, ionstraim is minic a úsáidtear chun tacú le hidirbheartaíocht aontachais, agus le Ciste Slándála Inmheánaí AS HOME- Póilíní⁷, a chúmhdaíonn coireacht a chosc agus a chomhrac go ginearálta. Tar éis brionnú airgid a chuimsiú mar cheann de na tosaíochtaí i bPlean

⁷ Rialachán 513/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistiú géarchéime agus lena n-aisghairtear an Cinneadh 2007/125/CGB ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 93).

Gníomhaíochta Oibríochtúil EMPACT⁸, tá an Coimisiún ag comhordú go dlúth le spreagthach EMPACT chun an chomhlántacht idir an dá fhoinse maoinithe a uasmhéadú.

Tá an tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an meastóireacht deiridh ar chláir 2020 de réir airteagal 13(6) de Rialachán (AE) Uimh. 331/2014 á tabhairt chun críche ag an gCoimisiún.

Bunaithe ar thorthaí chur chun feidhme an Chláir agus ar an anailís leanúnach ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn a pléadh san ECEG, is iad seo a leanas na tosaíochtaí do 2022⁹:

- Gníomhaíochtaí tacaíochta a dhírítear ar chomhar a fheabhsú i measc na mBallstát sin a dtéann táirgeadh agus dáileadh góchumtha i gcion go mór orthu;
- Comhar a chothú le húdaráis na dtríú tíortha sin a bhfuil amhras nó fianaise ann go dtáirgtear euro góchumtha iontu;
- Creat éifeachtach a choimeád chun an euro a chosaint in Oirdheisceart na hEorpa;
- Forbairtí tráthúla:
 - góchumadh agus comhpháirteanna ardchaighdeán a dháileadh ar an idirlíon dorcha, agus táirgí ‘airgead scannáin’ agus ‘cóip phrapa’ ar líne (lena n-áirítear nótaí dearaidh athraithe);
 - Boinn Euro: Cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010 maidir le monaí euro a fhíordheimhniú agus le monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta agus gnéithe slándála monaí euro a láimhseáil;
 - tacaíocht do bhunú / athneartú lároifigí náisiúnta (ONCanna).

⁸ Is tionscnamh slándála é EMPACT (an tArdán Ildisciplíneach Eorpach i gCoinne Bagairtí Coiriúla) atá á chur ar aghaidh ag Ballstáit AE chun bagairtí a bhaineann le coireacht eagraithe agus thromchúiseach idimáisiúnta a aithint, a chur in ord tosaíochta agus aghaidh a thabhairt orthu. In 2021, rinneadh ionstraim bhuan de EMPACT, mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle maidir le leanúint bhuan de Thimthriall Beartais AE don choireacht idimáisiúnta eagraithe agus thromchúiseach. Is í an Bhulgáir an Ballstát a chuireann chun cinn tosaíocht EMPACT a chlúdaíonn “Coireacht Maoine Intleachtúla, Góchumadh Earraí agus Airgeadra”.

⁹ Is cuid riachtanach den Chláir Oibre Bliantúil iad tosaíochtaí an Chláir do 2021, atá i gceangal leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 28.1.2022 maidir le maoiniú an chláir “Pericles IV” agus maidir le glacadh an chláir oibre bhliantúil do 2022, C(2022) 406 final.